Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**
**GALWAY COUNTY COUNCIL**

MAIDIR LEIS NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS MAIDIR LE hACHT NA dTITHE 1966, MAIDIR LEIS AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2) 1960, MAIDIR LE hACHTANNA NA mBÓITHRE 1993 - 2007 AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001.

FOIRM AN FHÓGRA MAIDIR LE COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE DO DHAINGNIÚ ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH ARNA DHÉANAMH FAOI ALT 76 D'ACHT NA dTITHE 1966, AGUS FAOIN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT SIN, ARNA LEATHNÚ LE hALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2) 1960, MAIDIR LEIS AN TALAMH AR FAD, NÓ MAIDIR LE CUID DEN TALAMH, LENA mBAINEANN AN tORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH, AR FÓGRA É ATÁ LE FOILSIÚ DE RÉIR ALT 78(1) D'ACHT NA dTITHE 1966, ARNA LEASÚ LEIS NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ).

## TALAMH A FHÁIL GO hÉIGEANTACH

**N67 Ó DHEAS DE ROTHARBHEALACH BHAILE AN DOIRÍN**
**ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH UIMH. 1, 2025**
**(Onneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin Agus Éigeandála Agus Athrú Aeráide)**

Rinne **Comhairle Chontae na Gaillimhe** Ordú Daingniúcháin ar an 12ú lá de Bhealtaine 2025, ar Ordú é lena ndaingnítear an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh thuasainmnithe maidir leis an talamh a thuairiscítear i Sceideal 1 ar tailte iad de chuid bhailte fearainn An Pollach, An Gort Rua agus Baile an Doirín i gContae na Gaillimhe. Leis an ordú sin, arna dhaingniú amhlaidh, údaraítear do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an talamh sin a fháil go héigeantach. Féadfar breathnú ar chóip den ordú, agus den léarscáil dá dtagraítear san ordú, ag gach uair réasúnta ag:

**Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh,**
**Oifig Thionscadal Bóithre na Gaillimhe, Corporate House, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh,**
**https://galway.ie/ga/seirbhisi/boithre/tograiboithre/n67rotharbhealach/**

Tiocfaidh an tOrdú, arna dhaingniú amhlaidh, i ngníomh ag deireadh trí seachtaine tar éis dháta foilsithe an fhógra seo, ach má dhéantar iarratas go cuí ar athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) chuig an Ard-Chúirt laistigh d'ocht seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo de réir Alt 50 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), féadfaidh an Chúirt -

(a) Le hordú eatramhach, oibriú an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh, arna dhaingniú amhlaidh, a fhionraí i gcoitinne nó a mhéid amháin a dhéanann sé difear d'aon mhaoin de chuid an iarratasóra agus sin a dhéanamh go dtí go ndéantar na himeachtaí a chinneadh go críochnaitheach.

(b) Más deimhin léi, tar éis an t-iarratas a éisteacht, nach dtagann an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh, arna dhaingniú amhlaidh, faoi réim chumhachtaí Acht na dTithe 1966, arna leathnú le hAlt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2) 1960 (arna ionadú le hAlt 86 d'Acht na dTithe 1966)(arna leasú) nó go bhfuil dochar substaintiúil déanta do leasanna an iarratasóra ó tharla nár comhlíonadh aon cheanglas ar leith de chuid Acht na dTithe 1966, arna leathnú agus arna leasú amhlaidh, an tOrdú arna dhaingniú amhlaidh a chur ar neamhní i gcoitinne nó a mhéid amháin a dhéanann sé difear d'aon mhaoin de chuid an iarratasóra.

Arna shíniú ag Jean Brann, Rúnaí Contae.